

Torthaí an Olltoghcháin san Iar-Thuaisceart

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thorthaí an olltoghcháin i nDún na nGall. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo? Bainigí úsáid as www.tearma.ie mura bhfuil sibh cinnte.

- coalition government
- working together
- in the opposition
- the polls
- left wing
- leadership
- benefit of the people
- priority
- supporting
- between here and there
- that there's no difference between them

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair. Cén chanúint atá ag Ailbhe Ó Monacháin, Pearse Doherty agus Mícheál Cholm Mac Giolla Easbuig?

Cén leagan de na frásaí/focail seo a bhí le cloisteáil sa mhír?

- aon cheist _____
- an-mhaith _____
- sa chaoi is _____
- gur féidir _____
- ar fad _____
- cad _____
- in aon chor _____
- déanann _____

Ceist 3 A. Anois, féach ar an tuairisc arís. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas?

Colm Ó Dúlacháin, RTÉ Raidió na Gaeltachta, Doirí Beaga

Pearse Doherty, TD, Sinn Féin

Mícheál Cholm Mac Giolla Easbuig, Comhairleoir Neamhspleách

B. Cén fáth ar luadh Pat the Cope Gallagher agus Joe McHugh?

Ceist 4 Féach ar na focail seo. An bhfuil siad baininsneach nó firinsneach?

*rialtas, iarrthóir, eite, suíochán, cailliúint, ceist, ceannaireacht,
tosaíocht, ceann comhairle, urlabhraí, grúpa*

Athscríobh na focail sna boscaí cuí anois sa tábla agus an t-alt leo.
Lean na samplaí atá déanta.

Ainmfhocail fhirinsneacha	Ainmfhocail bhaininsneacha
<i>an cupán an t-údarás an samhradh</i>	<i>an chéim an iris an tsráid</i>

Ceist 5 ‘...ar an aonú...’

Aistrigh na habairtí seo go Gaeilge:

- I'm getting married on the first of March.
- My birthday is on the twenty-seventh of June.
- He went home on the eleventh of July.
- The party will be held on the eighteenth of September.
- I finished school on the fifteenth of May.

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad iad na difríochtaí idir páirtithe na heite clé agus páirtithe na heite deise.
2. Cén fáth nár éirigh go rómhaith le Páirtí an Lucht Oibre san olltoghchán, dar leat?
3. Cén fáth a raibh díomá ar an Taoiseach faoi thorthaí an toghcháin, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

coalition government – *comhrialtas*

working together – *ag comhoibriú*

in the opposition – *sa fhreasúra*

the polls – *na pobalbhreitheanna*

left wing – *an eite chlé*

leadership – *ceannaireacht*

benefit of the people – *leas an phobail*

priority – *tosaíocht*

supporting – *ag tabhairt tacaíochta*

between here and there – *idir é seo agus é siúd*

that there's no difference between them – *nach bhfuil difear ar bith eatarthu*

Ceist 2

Canúint Uladh

aon cheist

ceist ar bith

an-mhaith

iontach maith

sa chaoi is

sa dóigh is

gur féidir

go dtig

ar fad

uilig

cad

cad é

in aon chor

ar scor ar bith

déanann

níonn

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Ainmfhocail fhirinscneacha	Ainmfhocail bhaininscneacha
<i>an cupán</i> <i>an t-údarás</i> <i>an samhradh</i>	<i>an chéim</i> <i>an iris</i> <i>an tsráid</i>
an rialtas an t-iarrthóir an suíochán an ceann comhairle an t-urlabhraí an grúpa	an eite an chailliúint an cheist an cheannaireacht an tosaíocht

Ceist 5

(Canúint Chonnacht agus Canúint na Mumhan)

Tá mé le pósadh ar an gcéad lá de mhí an Mhárta.

Tá mo bhreithlá ar an seachtú lá is fiche de mhí an Mheithimh.

D'imigh sé abhaile ar an aonú lá déag de mhí Iúil.

Beidh an chóisir ar siúl ar an ochtú lá déag de mhí Mheán Fómhair.

Chríochnaigh mé ar an scoil ar an gcúigiú lá déag de mhí na Bealtaine.

(Canúint Uladh)

Tá mé le pósadh ar an chéad lá de mhí an Mhárta.

Tá mo bhreithlá ar an seachtú lá is fiche de mhí an Mheithimh.

D'imigh sé abhaile ar an aonú lá déag de mhí Iúil.

Beidh an chóisir ar siúl ar an ochtú lá déag de mhí Mheán Fómhair.
Chríochnaigh mé ar an scoil ar an chúigiú lá déag de mhí na Bealtaine.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Deir Pearse Doherty ó Shinn Féin gurb iad Fianna Fáil agus Fine Gael a chaitheadh comhrialtas a chur le chéile anois agus go mbeidh Sinn Féin ag comhoibriú sa gcéad¹ Dáil eile le grúpaí neamhspleácha agus eile sa bhfreasúra². Ba é an t-iarthóir neamhspleách Thomas Pringle an Teachta deireanach a toghadh i nDún na nGall aréir.

Colm Ó Dúlacháin, RTÉ Raidió na Gaeltachta, Doirí Beaga

Ó, bhí na pobalbhreitheanna i bhfad ar shiúl ón marc. Buille tubaisteach don eite chlé, is dóigh liom, gur chaill Pádraig Mac Lochlainn a shuíochán³, agus tharla sin de bharr gur éirigh chomh maith sin le Charlie McConalogue, duine eile a⁴ bhfuil cónaí air in Inis Eoghain. Ní dóigh liom go bhfuil muintir Thomas Pringle agus iad sin ag ceiliúradh anseo ach an oiread. Féachann siadsan gur cailliúint mhór don eite chlé é, beirt ó Fhianna Fáil a bheith anseo chomh maith le Fine Gael.

Ailbhe Ó Monacháin

Dúirt an Teachta Dála Joe McHugh, a toghadh ar an aonú cuntas déag aréir, nach bhfuil ceist ar bith faoi cheannaireacht Enda Kenny ar Fhine Gael agus maidir le comhrialtas a bhunú, gur leas an phobail seachas leas an pháirtí a bheidh mar thosaíocht acu. Cibé faoi ré chomhrialtais, tá an Teachta Dála nuathofa ó Fhianna Fáil, Pat the Cope Gallagher, luaite cheana féin le ról an Chinn Chomhairle, agus tá spéis léirithe aige ann. Tá Sinn Féin ag seasamh go daingean leis an líne chogaidh a tharraing siad roimh an toghchán seo.

Pearse Doherty, TD, Sinn Féin

Ní bheidh Sinn Féin ag tabhairt tacaíochta d'Fhianna Fáil ná Fine Gael; beidh muid ag comhoibriú leis na hionadaithe neamhspleácha agus na páirtithe beaga. Agus bhí toghchán iontach maith ag Sinn Féin, bhí toghchán iontach maith ag Fianna Fáil ach bhí toghchán iontach maith fosta ag na Neamhspleáigh agus na páirtithe beaga. So, beidh muidne ag comhoibriú leis na grúpaí sin, sa dóigh is go dtig linne an clár a chur chun tosaigh. Anois, ag deireadh an lae, tá na figiúirí ag Fianna Fáil agus Fine Gael. Beidh go leor cainte idir é seo agus é siúd ach sílim gur an dá pháirtí sin a rachaidh isteach i gcomhrialtas nuair atá sé uilig⁵ thart.

Ailbhe Ó Monacháin

Dúirt urlabhraí ar son an Teachta Dála neamhspleách Thomas Pringle go léireodh comhrialtas idir Fianna Fáil agus Fine Gael nach bhfuil difear ar bith eatarthu.

Mícheál Cholm Mac Giolla Easbuig, Comhairleoir Neamhspleách

Ag deireadh an lae, beidh Fianna Fáil agus Fine Gael ag réachtáil an fiche sé contae⁶ gan mhoill. Beidh siad sna meáin agus beidh siad ag rá cad é a dhéanfaidh siad agus cad é nach ndéanfaidh siad. *But*, ní bheidh deacracht ar bith acu dul isteach a luí sa leaba amháin mar níl difear ar bith eatarthu ar scor ar bith. Agus sílimse gurb é rud maith sin mar ag deireadh an lae níonn⁷ sé an scoilt níos soiléire⁸ idir an chlé agus an deis⁹.

¹ Córas Chonnacht

² Córas Chonnacht

³ a *suíochán* a deirtear

⁴ *go bhfuil* a deirtear

⁵ *uile* an leagan caighdeánach

⁶ *na sé chontae is fiche* an leagan caighdeánach

⁷ *déanam* an leagan caighdeánach

⁸ *níos mó soiléir* a deirtear

⁹ *an dheas* a deirtear

Ailbhe Ó Monacháin

Go leor plé agus comhairle le déanamh ag na páirtithe éagsúla, mar sin de, ó seo go dtí an deichiú lá de Mhárta.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4 i gContae Dhún na nGall.